# Gluaischárta

## Buntéarmaíocht na Drámaíochta T2

**2023-2024**

### Téarmaí drámaíochta

**Amharclann:** An foirgneamh nó an spás ina léirítear dráma

**Buaicphointe:** An pointe is airde de theannas drámatúil

**Céile comhraic:** Carachtar atá i gcoinne an laoich sa dráma

**Coimhlint:** Bíonn coimhlint riachtanach do dhráma. Uaireanta is coimhlint inmheánach í chomh maith

**Comhrá:** Caint idir carachtair

**Cultacha/Feisteas:** Éadaí na gcarachtar; ag cur pearsantachta/ na haoise/ an tsuímh in iúl

**Drámadóir:** Scríbhneoir drámaí

**Feisteas stáitse/seit:** An chuma atá ar an stáitse, trealamh, troscán srl a úsáidtear chun suíomh an radhairc a léiriú

**Foireann/foireann aisteoirí:** Na haisteoirí a ghlacann páirteanna na gcarachtar

**Frapa:** Rud a úsáideann aisteoirí ar an stáitse le linn léirithe



**Gníomh:** Ceann de phríomhranna dráma. De ghnáth, bíonn idir gníomh amháin agus cúig ghníomh i ndráma

**Iardhearcadh:** Radharc a léirítear san am i láthair ach a léiríonn rud a tharla san am atá thart

**Íoróin dhrámatúil:** Nuair atá eolas ag an lucht féachana nach bhfuil ag carachta(i)r ar leith

**Laoch/príomhcharachtar/príomhphearsa:** An carachtar atá i lár an aicsin. Téann an lucht féachana ar aistear le príomhcharachta(i)r an dráma

**Maisíochtaí fuaime:** Fuaimeanna, seachas ceol agus caint, a chuirtear leis an radharc

**Monalóg:** Óráid a chuireann carachtar aonair i láthair. Léirítear a chuid smaointe sa mhonalóg

**Radharc:** Ceann de na rannáin laistigh de ghníomh

**Script:** Cáipéis le focail an dráma, na treoracha stáitse, liosta na gcarachtar srl.

**Soilsiú:** An soilsiú ar an stáitse a athraíonn le linn an dráma chun suíomh nó móthúcháin a chur in iúl

**Suíomh an dráma:** An áit agus an t-am ina bhfuil an dráma suite. De ghnáth, bíonn cur síos ar shuíomh an dráma ag tús na scripte Amannta athraíonn an suíomh ó radharc go radharc



**Treoracha stáitse:** Treoracha sa script ón drámadóir don stiúrthóir, do na haisteoirí srl.



CC BY NC

**Gluaischárta: Buntéarmaíocht na Drámaíochta ar lean**

## Cineálacha drámaí

**Coiméide/Dráma grinn:** Léiriú éadrom ar dhaoine nó eachtraí greannmhara. Más scigdhráma é, déantar scigléiriú ar charachtair a bhíonn ag pleidhcíocht nó i bponc amaideach éigin

**Ceoldráma:** Dráma ina bhfuil ról ríthábhachtach ag an amhránaíocht, ag an gceol agus ag an damhsa



**Dráma moráltachta:** Dráma ina úsáidtear carachtair fháthchiallacha chun ceacht moráltа a mhúineadh don lucht féachana

**Dráma stairiúil:** Dráma atá suite le linn tréimhse staire ar leith. B'fhéidir meascán de charachtair fhicseanúla agus fíordhaoine aitheanta

**Fantaisíocht:** Dráma ina dtiteann rudaí neamhghnácha/osnádútha amach.

**Miotaseolaíocht:** Dráma bunaithe ar fhinscéal/mhiotas/bhéaloideas

**Réalachas:** Léiriú réalaíoch go leor ar an saol mar atá

**Tragóid:** seánra drámaíochta bunaithe ar fhulaingt an duine agus, go príomha, ar na himeachtaí tragóideacha, brónacha a tharlaíonn do charachtar

## Gairmeacha beatha san amharclannaíocht

**Aisteoir**: Glacann sé/sí páirt charachtair éigin sa dráma

**Cumadóir ceoil:** An duine a chumann an ceol do cheoldráma

**Bainisteoir stáitse:** Cinntíonn sé/sí go bhfuil na frapaí agus feistis stáitse san áit cheart ag an am ceart le linn an dráma.

**Dearthóir cultacha:** An duine a dhearann na cultacha don dráma

**Dearthóir seite:** Samhlaíonn sé/sí agus dearann sé/sí suíomhanna an dráma don stáitse.



**Dearthóir soilsithe:** Dearann sé/sí an soilsiú stáitse le haghaidh léiriúcháin

**Ealaíontóir smididh:** An duine a chuireann smideadh ar na haisteoirí

**Drámadóir:** Duine a scríobhann drámaí

**Foireann léirithe:** Na daoine go léir a oibríonn le chéile chun dráma a chur ar an stáitse

**Léiritheoir:** Cinntíonn sé/sí go gcomhlíontar an tionscadal in am agus chuig caighdeán cuí

**Stiúrthóir:** Stiúrann sé/sí an dráma i gcomhar leis an bhfoireann léirithe


cc BY NC